Tobar gan Iarraidh

Dá dtiocfainnse ar thobar gan iarraidh
i mbealach nó i mbearna,
chaithfinnse díom
's rachainn ar maothas ann
go bhfaighinnse faoiseamh
ó ghalar an dúlagair.

Thógfainn braon den uisce liom
a thógfadh cian dom laetha dorcha
's chuirfinn mo dhóchas ann
go dtabharfadh sé slán mé
's d'ólfainn íocshláinte as
mo thobarsa gan iarraidh.

– Máire Wren
Ciorcal Scríbhneoireachta
Ghaoth Dobhair

Ealaíona na Gaeltachta

Meán Fómhair 2011

**Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 100 ealain@udaras.ie**

ealaín

Síolta Scríbhneoireachta

Grúpa iad **An Ciorcal Scríbhneoireachta** atá ag teacht le chéile uair sa mhí ó mhí Meán Fómhair go hlúil le cúpla bliain anuas i nGaoth Dobhair chun tacaíocht a thabhairt do scríbhneoirí an cheantair. Reachtálann an grúpa ceardlanna scríbhneoireachta sa phrós agus san fhilíocht le scileanna riachtanacha na scríbhneoireacht cruthaithí a fhorbairt. Traidisiún láidir scríbhneoireachta atá in Iar-thuaisceart Dhún na nGall agus tá an grúpa seo ag leanacht leis an traidisiúin sin ag tacú leo siúd ar mhian leo forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta maraon le deis a thabhairt do scríbhneoirí teacht le chéile, tacú le agus foghlaim óna chéile.

Tá bailiúcháin gearrscéalta curtha le chéile ag an ngrúpa agus is é mar aidhm acu é a fhoilsiú i mbliana.

Is iad Eoghan Mac Giolla Bhríde agus Colette Ní Ghallchóir a bhíonn i mbun stiúradh na gceardlann seo. D'eagraigh an grúpa imeachtaí éagsúla liteartha sa cheantar i rith na bliana a thug deis do na scríbhneoirí a gcuid saothair a chur os comhair an phobail, ina measc, ócáid don Oíche Chultúir, ócáid i rith Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy, agus don Lá Náisiúnta Filíochta.

Fuair an grúpa seo tacaíocht faoi Scéim Forbartha na nEalaíon 2010.

Breis eolais maidir le himeachtaí liteartha sna ceantair Ghaeltachta le fáil ó na háisitheoirí ealaíon réigiúnacha. [www.ealain.ie]

Spriocdhátaí Scéimeanna na Comhairle Ealaíne

9 Meán Fómhair 2011: Deis
9 Meán Fómhair 2011: Scéim na bhFéilte Ealaíon Beaga
19 Deireadh Fómhair 2011: An scéim taifeadta ceoil
Leanúnach: Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna
Leanúnach: Dámhachtain taistil & oiliúna
Leanúnach: Scéim na bhfísealaíontóirí sna príosúin
Leanúnach: Scéim na scríbhneoirí sna príosúin

Oíche Chultúir sa Ghaeltacht:
Dé hAoine 23 Meán Fómhair

Is ócáid mhór náisiúnta í an oíche chultúrtha a thugann ardán tábhachtach do shaol cultúrtha na tíre seo agus is é seo an dara bliain d'imeachtaí a bheith ar siúl sa Ghaeltacht. Eagraítear na céadta imeacht cultúrtha in aon oíche amháin, agus bíonn siad uilig oscailte don phobal saor in aisce. Bíonn na himeachtaí ar siúl i ngach cineál ionad agus láthair: iarsmalanna, gailearaithe, amharclanna, stiúideonna, agus amuigh faoin aer. Cruthaíonn an oíche chultúrtha íomhá dhearfach agus chumhachtach den chultúr agus léirítear an deathionchar a bhíonn aige ar gach réimse den tsochaí.

Cuirfear fáilte chroíúil roimh an bpobal a bheith páirteach.

Fág seo agus bígí páirteach!

Breis eolais ar **www.ealain.ie** nó ar **facebook** agus ar **twitter** http://twitter.com/oichechultuir

Oíche Chultúir

CAD É A HAICHEOIDH SIN?

An Ghaeltacht 2011

Aoine Meán Fómhair 23ú

www.culturenight.ie

Talamh Dóite

Is é 'Talamh Dóite' an taispeántas is mó le ceithre bliana leis an ealaíontóir Seán Ó Flaithearta as Oileán Árann. Seoladh an taispeántas sa Ghailearaí i nGaoth Dobhair i rith Fhéile an Earagail mí Iúil seo caite, agus as sin thaistil sé go Béal Feiriste.

An nós atá ann tine a lasadh ar an chaorán leis an talamh a ghlanadh is bun leis an mbailiúchán úr seo de shaothair ealaíne ilmheán. Tá ár agus lot fite tríd. Fiosraíonn an chré dhúloiscthe an dearcadh atá againn faoi cheisteanna comhshaoil agus pobail. Nochtann an talamh dóite sraitheanna staire, ama agus brí, pailmseist de rian an duine.

Breis eolais:
www.seanoflaithearta.blogspot.com/

Coinnígí súil amach do ríomhlitir mhíosúil Ealaín na Gaeltachta i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt, nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Fearaibh Fionntrá

Ceiliúradh atá san ealaíon suiteála seo atá bunaithe ar phobal Fionntrá, déanta ag ealaíontóirí gurb as an paróiste iad féin nó atá tagtha chun maireachtana san áit. Bunaíodh an togra ar bhailiúcháin de scéalta ó Fhearaibh Fionntrá, déanta ag an scannánaí Brenda Ní Shúilleabháin. Dhein Brenda taifead ar chomhráitíl leis na fir ar ábhair a bhain le gnéithe éagsúla den tsaol mar atá an dúlra, timthriall na beatha, cúrsaí imirce, agus forbairtí nua-aoiseacha an tsochaí.

Tá cúlcheol don suiteáil Fearaibh Fionntrá cumtha ag Rachel Holsted

Thug na healaíontóirí eile a bhí páirteach sa togra faoi friotail ealaíona a chur ar na scéalta. Chruthaigh John Holstead dealbh álainn ina chítear mionchuntas ar an dtírdhreach áitiúil agus ar na comharthaí sóirt a bhaineann leis. Chuir an ceangaltóir leabhar ealaíne Sandra Landers, sleachta as na scéalta le chéile i bhfoirm leabhair. Chuige seo, dhein sí taighde ar an gcéad leagan scríofa de Chath Fionntrá ón 16ú aois. Veilleam an ceangal agus is veilleam a úsáideann Sandra, maraon le páipéar ealaíne go bhfuil cosúlacht na seandachta air. Bunaithe ar na scéalta chomh maith, tá saothar nua filíochta leis an bhfile áitiúil Máire Áine Nic Gearailt agus tá grian-ghrafanna na bhfear tógtha ag Oscar Ó Súilleabháin. Ag sníomh trís na heilimintí go léir den togra, ceanglaíonn lúb ceoil an chumadóra Rachel Holstead na gnéithe éagsúla le chéile i bhfoirm cúlcheol don suiteáil ealaíona seo.

Scéalta Mhúscraí

Cuireadh sé scannáin ghairide úrnua a deineadh go hiomlán i gceantar Mhúscraí, i láthair an phobail don gcéad uair, san Ionad Cultúrtha le déanaí. Is mar thoradh ar sraith ceardlanna faoi stiúir an scannánaí idirnáisiúnta Dónal Ó Céilleachair a bhí an taispeántas.

Bhí breis agus cúigear déag rannpháirtithe ag freastal ar na ceardlanna a chlúdaigh gach gné ó chumadh an scéil go heagarthóireacht agus léiritheoireacht. Go deimhin mar chuid den togra thaispeáin Dónal samplaí de scannánaíocht triallach, faisnéise agus ficsean óna shaothar idirnáisiúnta féin.

Léiríonn gach scannán scéal difriúil ó Ghaeltacht Mhúscraí, ag déileáil le théamaí éagsúla ar nós an imirce, mar atá in **Dearthair**, scannán le Mary Joan McCarthy, nó ag déileáil le dúshlán na Gaeilge a labhairt, mar atá in **Taibhreamh**, le Hannie Corkery. Tá scannáin eile bunaithe ar chultúr saibhir na háite, ar nós **Sraith**, scannán le Helen Willems, a fhéachann ar chuid de na 10,000 suíomh seandálaíochta atá lonnaithe i gCorcaigh Láir, agus **File**, le Betsy Ní Shuibhne, mar gheall ar thraidisiún na dámhscoile áitiúil. Tá **Mórathrú**, scannán le Áine Bean Uí hAirtnéada, ag féachaint siar ar an dtuilleadh a chlúdaigh ceantar an Ghaorthaidh agus, agus téann Catherine Ketch síos bealach triallach leis an gceantar agus an dúlra a thaispeáint trí shúile eile in **Amuigh**.

Féile na Laoch

Tá comóradh á dhéanamh i mbliana i gceantair Chúil Aodha, ar shaol agus ar shaothar Sheáin Uí Riada, cumadóir ceoil agus ceannródaí cultúrtha. Bheadh sé 80 bliain d'aois ar Lá Lúnasa ach fuair sé bás an 2 Deireadh Fómhair i 1971, dhá scór bliain ó shin.

Cé gur ceiliúradh ar Shéan Ó Riada atá i gceist, déanann Féile na Laoch ceiliúradh ar ár laochra cultúrtha náisiúnta, na scéalaithe, filí, aisteoirí, damhsóirí, amhránaithe agus ár gceoltóirí agus is féile í nach ndéanfar a reáchtáil ach uair sa chúig bliana ar a mhéad.

Cuireadh tús leis an bhféile deireadh mhí Lúnasa le réimse leathan imeachtaí i gCúil Aodha agus ar fud Mhúscraí ach beidh clabhsúir na féile ar bun idir 30 Meán Fómhair agus 2 Deireadh Fómhair. Beidh deireadh leis go ceann 7 mbliana ag 12.45rn, 3 Deireadh Fómhair cothrom an lae agus an ama a fuair Seán Ó Riada bás.

I measc na n-imeachtaí a bheidh ar siúl beidh fáiltiú in Áras Éamoin Mhic Suibhne, oíche amhránaíochta agus ceoil, comhdháil ar thodhchaí na hÉireann, ceolchoirm de cheol liotúirgeach le Manaigh Glenstall, agus Cór Chúl Aodha, céilí, seisiúin scéalaíochta, agus ceolchoirm mhór oíche Dé Domhnaigh 2 Deireadh Fómhair.

Breis eolais maidir leis an bhféile le fáil ó **http://feilenalaoch.com/**

Ceardlann Mhíosúil Cheoltóirí Óga Charna

Tagann grúpa ceoltóirí óga Charna le chéile gach mí le ceithre bliana anuas do cheardlann mhíosúil ceoil faoi stiúir an cheoltóra áitiúil Nóirín Ní Shúilleabhán. Tá clú agus cáil ar oidhreacht agus ar shaibhreas cultúrtha cheantar Charna i gConamara le blianta fada agus is léir go bhfuil glúin óg an cheantair ag tochailt sa traidisiúin láidir ceoil, amhránaíochta agus damhsa, ag cruthú oidhreacht úr dá gcuid féin. Tugann Nóirín cuireadh do cheoltóir ar ardchaighdeán seisiún a stiúradh leis na ceoltóirí óga uair sa mhí i rith an gheimhridh in Áras Shorcha Ní Ghuairm. Deis atá ann do na ceoltóirí seinnt le chéile, na poirt atá foghlamtha acu a chasadh agus éisteacht le cinn nua. Tagann na haoi-heoltóirí ó chuile chearn den tír, rud a thugann seans do na ceoltóirí óga stíleanna réigiúnda a chloisteáil agus uirlisí difriúla a fheiceáil. I measc na gceoltóirí a bhí páirteach sna seisiúin go dtí seo bhí an flúiteadóir Patsy Hanly, Johnny Connolly, Fiachra agus Sophie O'Regan, Sean Gavin, Mary Crowley agus John Connolly, John agus Noel Kilkelly agus Gerry Hanly Sweeney.

Casannn na haoi-cheoltóirí iad féin agus ansin leis na páistí agus bíonn ceoltóir sinsearach den scoth ón gceantair ag casadh leo chomh maith, Marcus Ó hIarnáin Maití Joe Shéamais ina measc. Deir Nóirín Ní Shúilleabháin go bhfuil sé fíor thábhachtach stáitse a thabhairt do na ceoltóirí óga agus seinnt le chéile mar ghrúpa. “Ní théann na páistí taobh amuigh de Charna chun éisteacht le, nó le ceol a chasadh agus is deis é seo a chuirtear ar fáil le ceol ó chontaethe eile a chloisteáil. Níl imeachtaí ar bith eile ar fáil sa cheantar do dhéagóirí óga agus baineann siad fíor thaitneamh as na seisiúin. Oíche shóisialta don phobal áitiúil i gcoitinne a bhíonn ann, ina mbíonn damhsa amhránaíocht agus spraoi ag baint leis chuile mhí. Feictear an feabhas a thagann ar na gasúir ó thaobh an cheoil agus na forbartha pearsanta de ó mhí go mí agus tá sé ar chumas cuid den ghrúpa anois ceol agus damhsa a mhúineadh do ghasúir eile mar thoradh ar na ceardlanna seo.”

Fuair an togra seo tacaíocht faoi scéim ranganna trí Ghaeilge Údarás na Gaeltachta 2011.

Comórtas Liteartha do dhaoine óga

Tá Comórtas Liteartha Údarás na Gaeltachta fógartha arís i mbliana do dhéagóirí na Gaeltachta idir 12 agus 18 mbliana d’aois. Bronnfar na duaiseanna ar bhun náisiúnta i mbliana. Breis eolais agus foirmeacha le fáil ó d’Áisitheoir Ealaíon réigiúnach. Spriocdháta:
28 Deireadh Fómhair 2011

Féile Bricíní

Aonach leabhar agus imeachtaí ealaíona do pháistí ón 10-11 Nollaig i Seanscoil Sailearna, Indreabhán

Eolas: Pléaráca Teo
091/574882

Forbairtí Fíbín

Compántas amharclainne iad Fíbín Teo atá ag dul ó neart go neart agus iad ar an bhfód le hocht mbliana ag soláthar léiriúcháin amharclainne puipéid Ghaeilge ar fud na tíre. Ní in Éirinn amháin a bhíonn siad ag treabhadh an ghoirt agus é mar mórsprioc acu diminsean idirnáisiúnta an chomhlachta a fhorbairt.

Mí Aibreáin seo caite d'imigh Fíbín go dtí an Mhaláiv, ceann de na tíre is boichte ar domhan. Fuair siad cuireadh, ón 'Lilongwe International Festival of Arts', an seó, 'An Rón Dall', a leiriú ann, seó a rinne thar cinn in Éirinn. Is í an phríomhchathair sa tír é Lilongwe agus rinne Fíbín trí sheó ann mar chuid den Fhéile. Líon siad an amharclann trí oíche i ndiaidh a chéile, le neart daoine dúchasacha agus daoine nach ón áit iad i láthair. Le tacaíocht ó Chultúr Éireann, chaith an compántas coicís ag dul timpeall na tíre ag deánamh ceardlann chomh maith. Chuaigh siad go dtí an iargúil ag plé le daoine óga gan dídean, i dtuaisceart na tíre. D'oibrigh siad le leanaí sráide in ionad na mBráithre Eoin Dé, i Mzuzu, cathair ollscoile atá lán le himircigh. Rinne Fíbín neart nasc le grúpaí Malávacha atá ag úsáid na stíle fisiciúla céanna a úsáideann, siad féin, agus go deimhin, tá an comhlacht Nanzikambe tar éis teacht go Gaillimh le seó dhá lámhach a léiriú faoi chúram Fíbín.

Tá an-éileamh ar stíl drámaíochta leithleach Fíbín agus iad ag leathnú an dráma Éireannaigh leis an meascán de phuipéadóireacht, aisteóireacht agus Commedie del Arte. Tá siad ag plé comhléiriúchán leis an gComhairle Ealaíon sa Bhreatain Bheag, agus is gearr go mbeidh siad ag dul chuig an mBeilg leis an 'Rón Dall' arís. I mbliana, beidh Fíbín ag léiriú dráma nuachumtha le Paul Mercier in éineacht leis an Amharclann Náisiúnta, Amharclann na Mainistreach, a bheidh ar stáitse sa Phéacóg i mí na Nollag. Tríd 's tríd, tá an todhchaí ag lonrú go geal do Fíbín.

Fíbín Idirnáisiúnta: Thug Fíbín a seó 'An Rón Dall' go dtí an Mhaláiv i mbliana.

Faigheann Fíbín maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta faoi Scéim na bPríomhréimsí forbartha agus maoiniú bliantúil ón gComhairle Ealaíon.

Faoi agallamh: Mairéad Ní Ghallchóir

Stiúrthóir Áras Éanna

Mairéad Ní Ghallchóir agus Áras Éanna, Inis Oírr

Tá tú nach mór trí bliana anois ar Inis Oírr; cén chaoi an bhfuil tú ag dul i dtaithí ar shaol an oileáin?
Tá mé ag baint sult iontach as a bheith ag cur aithne ar mhuintir na háite agus an obair ar fad, mar tá an-éagsúlacht ann.

Deirtear uaireanta go bhfuil na healaíona sa Ghaeltacht imeallach go stairiúil. Céard é do bharúil faoi seo maidir le hÁras Éanna agus na healaíona ar oileán?
Ní fheicim go bhfuil sin fíor mar aon seó suimiúil a fheiceann muid, tugann muid isteach go hÁras Éanna é. Tá clár iontach cuimsitheach againn nach bhfuil le feiceáil mórán áiteacha ar fud na tíre, sa Ghaeltacht nó sa Ghalltacht.

Tá an-chúlra agat féin sna healaíona, sa cheol agus sa drámaíocht. An bhfuil tú dóchasach maidir le todhchaí na drámaíochta? Mar shampla, maidir le drámaí nua agus forbairt lucht féachana de?
Tá go leor oibre le déanamh go fóill ar dhrámaí nua Gaeilge. Níl go leor acu amuigh ansin agus níl mórán comhlachtaí drámaíochta le clár bliana a chur le chéile. Fágann sin go mbíonn drámaí i mBéarla againn fosta le clár bliana a líonadh.

Tá clár cuimsitheach agaibh do 2011. Cén chaoi a gcoinníonn sibh bhur gcloigeann 'thar uisce' san aeráid eacnamaíochta seo?
Níl sé furast, ach caithfidh tú cúpla míle a chuardach as gach pota, agus ciallaíonn sin go leor páipéarachais, agus i bhfad níos mó oibre.

An bhfuil rud faoi leith ag Áras Éanna, meastú?
Tá, mar go bhfuil sé ar oileán agus go maith le daoine oileáin, agus go háirithe oileán sa Ghaeltacht. Tá aithne ar oileáin Árainn ar fud an domhan, agus mar sin tá againne le freastal ar mhuintir an oileáin, ar Chonamara agus Co. an Chláir, agus ar na cuairteoirí a thagann anseo ó gach páirt don domhan.

Céard iad na dúshláin is mó atá amach rómhaibh?
Is airgead agus maoiniú an dúshlán is mó do na blianta atá le theacht, agus gearradh siar déanta ar ár maoiniú le cúpla bliain anuas. Ach, caithfidh muid a bheith samhlaíoch agus bealaí eile a fháil le maoiniú a fháil amach anseo.

An bhfuil aon rud faoi leith ar mhaith leat a lua maidir le clár na bliana nó ar sheas aon rud amach duit féin i rith na bliana?
Bhí go leor taispeántas ar ardchaighdeán againn i mbliana, Taispeántas grianghraf le John Millington Synge, an taispeántas 'Tír' le healaíontóirí ón mBreatain Bheag, Albain agus Éirinn. Tá taispeántas 'Seanstíl Éadaigh Inis Oírr' againn faoi láthair agus tá go leor tóra air sin. Ina theannta, tá 'Ciseáin' le Joe Hogan agus 'Cleas'. Bhí ardchaighdeán drámaíochta againn fosta le Branar agus 'Clann Lir', 'Fruitcake' le Mary McEvoy, 'Parting Glass' le Ray Yeates, scríofa ag Dermot Bolger, 'Silent" agus 'Forgotten' le Pat Kinevan/ Fishamble. Agus rinne muid fhéin Seó Samhraidh a chur le chéile, 'Slata Mara' le Máire Uí Mhaoláin. Is scéal grinn é faoi stair Inis Oírr. Bhí go leor coirmeacha ceoil den scoth againn i mbliana fosta. 'Feis Rois' as Albain, Brian Kennedy, Paddy Keenan, Fidil, John Spillane, At the Racket & Eleanor Shanley. Bhí Féile Joe Mháirtín, Rí scéalaí Inis Oírr againn den chéad uair i mbliana. Bhí an scannán 'Aran of the Saints' le ceol beo ar stáitse againn le Micheál agus Caitríona Ní Almhain, Deirdre Ní Chonghaile agus Macdara Ó Conaola.

Tá an-tóir ar an stiúideo cónaithe agus oibre atá agaibh san Ionad do scéim an ealaíontóra chónaithe. Inis dúinn faoin ealaíontóir ba dheireannaí a bhí agaibh?
Bhí go leor ealaíontóirí cónaitheacha suimiúla againn i mbliana ó gach páirt den domhan. Bhí Seán Tyrell, an ceoltóir, againn ag tús na bliana, agus bhí Karl Lanters, Paul Haggins, Gareth Kennedy, Lisa Flynn, Miriam Donoghue againn agus tá Karen Irmer ón nGearmáin againn anois.

An airíonn tú uait an stáitse?
Anois agus arís. Ach, tá mé róghnóthach le haon obair eile a bheith ar siúl agam. Thiocfadh leat a bheith ag obair lá agus oíche, seacht lá na seachtaine in Áras Éanna. Thiocfadh liom leaba a fhágáil thuas ansin domh fhéin, agus ní bheadh feidhm orm teacht abhaile ar chor ar bith!

imeachtaí

Connacht/Laighin

IMEACHTAÍ ÁRAS ÉANNA:
Mí Meán Fómhair Taispeántas le **Dan Ó Flatharta** as an gCeathrú Rua. Tá a chuid oibre dírithe ar théamaí polaitíochta agus sóisialta.
3 Meán Fómhair **Rawbar Collective** Na ceoltóirí Conal Ó Gráda (feadóg mhór), Benny McCarthy (bosca ceoil) agus Dave Sheridan (veidhlín) leis an amhránaí Nell Ní Chróinín
9 Meán Fómhair Ceolchoirm le **Noriana Kennedy**: 8.30in
10 Meán Fómhair **Ceardlann drámaíochta** le ALÀ – Compántas amharclannaíochta pobail a bhaineann úsáid as teicníc Augusto Boal.
17-18 Meán Fómhair **Féile an Fhómhair** – Cumadh Amhrán agus Filíochta
24-25 Meán Fómhair **Comhdháil Ealaíon ar Oileáin** Ealaíontóirí ag labhairt le healaíontóirí is bunús leis an gcomhdháil seo ina dtugtar an t-ardán d'ealaíontóirí as na meáin ealaíne éagsúla chun ceisteanna a bhaineann lena n-ealaín a phlé. [www.ealainaroilean.ie]
1 Deireadh Fómhair Ceolchoirm **Damien Dempsey** 8.30in
www.araseanna.ie

Imeachtaí Ionad Ealaíona Áras Inis Ghluaire Béal an Mhuirthead, Co Mhaigh Eo www.arasinisgluaire.ie/index.phpv; 097 81079

RÁTH CAIRN
Deireadh Fómhair **Éigse Dharach Uí Chatháin** www.rathcairn.com

Dún na nGall

IMEACHTAÍ TIONSCNAMH LUGH
CEOLCHOIRMEACHA:
22 Meán Fómhair **The Alan Kelly Gang** le haoi speisialta **Eddi Reader** www.tlugh.com

Deireadh Fómhair agus Samhain **Ceol Amhrán @ Singers Club: Brian Danny Minnie Ó Domhnaill**, Sean-Nós agus **Eugene Ginty**, Opera/Clasaiceach; **Lillis Ó Laoire**, Sean-Nós agus **Miranda Rosenberg**, Blues/Soul
11 Samhain **Dermot Byrne** agus aíonna speisialta

Meán Fómhair **Féile Bhá Dhún na nGall**

Meán Fómhair **Ceol na gCruach**, Na Gleannta

Nollaig 2011 – Eanáir 2012 **Scoil Cheoil Frankie Kennedy**

Mumha

IONAD CULTÚRTHA BHAILE MHÚIRNE, Co. Chorcaí
17 Meán Fómhair **Ceiliúradh an Riadaigh** – Ceolchoirm ag comóradh shaol agus shaothar Sheáin Uí Riada le **Mícheál Ó Súilleabháin**, **Mary Mac Sweeney**, **Seán McKiernan** agus **Peadar Ó Riada** le **Cór Chúil Aodha**
17 Meán Fómhair – 17 Deireadh Fómhair **Ceiliúradh an Riadaigh** Grianghraif faoi shaol agus shaothar Shéain Uí Riada
24 Meán Fómhair **Oíche Chultúir** Scannán 'Vertical Man': ceol an scannáin cumtha ag Seán Ó Riada
14 Deireadh Fómhair **Ná hInis di Féin é** – Aisteoirí Bhréanainn le Bosco Ó Conchúir
21 Deireadh Fómhair **Caladh Nua** – Eoin Ó Meachair, Paddy Tutty, Lisa de Buitléir, Derek Morrissey agus Colm Ó Caoimh
11 Samhain **Ceolchoirm Traidisiúnta** – Danny O'Mahony le Cyril O'Donoghue, Patsy Broderick agus Johnny Ringo Mac Donagh
25 Samhain **Ceiliúradh Oireachtas na Samhna**
9 Nollaig **Ceolchoirm Traidisiúnta** – Máirtín O'Connor, Cathal Hayden agus Seamie O'Dowd
17 Nollaig **Ceadal Piano** Daltaí Ailín Ní Fhlannagáin (Cuid 1)
18 Nollaig Ceadal Pianó Daltaí Ailín Ní Fhlannagáin (Cuid 2)
20 Nollaig **Ceolchoirm Deireadh na Bliana** – Daltaí na múinteoirí ceoil, rince agus amhranaíochta, i Halla Chúil Aodha
20-28 Samhain **Beo san Ionad Cultúrtha** Grianghraif le Con Kelleher tógtha san Ionad Cultrúrtha
1-19 Nollaig **Loinnir:** Taispéantas le hEalaíontóirí Mhúscraí

RANGANNA AGUS CEARDLANNA
Ranganna ceoil thraidisiúnta le Henry Cronin (Scoil Ceoil an Chontae); **Ranganna fliúite** le Conal Ó Gráda; **Ranganna conseairtín agus bosca** le Tríona Ní Aodha; **Ranganna veidhlín** le Geraldine O'Callaghan; **Ranganna amhránaíochta ar an sean-nós** le Máire Ní Chéilleachair ('Aisling Gheal'); **Ceardlanna dearc-ealaíne do sheanóirí** le Bernadette Ní Choitir; **Cleachtaithe cóir** le Peadar Ó Riada (Cór Ban Chúil Aodha); **Ceardlanna ceoil agus amhránaíochta** i rith Éigse Dhiarmuidín; **Ranganna rince seite** ar siúl sna scoileanna i Múscraí; **Ceardlanna ar an hagallaimh fileata** ar siúl i gceithre scoil i Múscraí; **Ranganna sean-nóis**, faoin scéim amhránaíochta, 'Aisling Gheal', ar siúl sna scoileanna i Múscraí; **Ceardlanna ealaíne** do sheanóirí le Pauline Dodds Hyland ('Tacaois') i gCuan Barra & Cois Cille. Obair leanúnach ar **'Taisceam'**, togra cartlannaíochta na gceolchoirmeacha taifeadta
Tosaíonn imeachtaí @ 8.30
026 45733/45781
www.ionadculturtha.ie
eolas@ionadculturtha.ie

Nollaig **Éigse Dhiarmada Uí Shúilleabháin**, Cúil Aodha agus Baile Bhuirne; www.eigse.ie

CIARRAÍ
23-25 Meán Fómhair **Ceiliúradh an Bhlascaoid** 'Na Blascaodaí agus na hEalaíona'. Tá go leor imeachtaí agus díospóireachta suimiúla beartaithe don deireadh seachtaine in Ionad an Bhlascaoid, Dún Chaoin, Co. Chiarraí. Eolas: www.ceiliuradh.com 066/9156444

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta
Connachta & Co. na Mí:
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie
Mumha:
Eibhlín de Paor
(066) 9150100/(026) 45366
e.depaor@udaras.ie

Tír Chonaill:
Micheál Mac Aoidh
(074) 9560100 m.macaoidh@udaras.ie

Feidhmeannach Forbartha:
Mícheál Ó Fearraigh
(074) 9560100
m.fearraigh@udaras.ie

Údarás na Gaeltachta
arts council ealaíon
ealaín